An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority



# Treoir maidir le Sábháilteacht le Crocháin Ardaithe agus Irisí Othar i Suímh Shláinte agus Chúraim Shóisialta

# Clár na nÁbhar

Réamhrá .......... 4
Roghnú .......... 5
Cothabháil .......... 6
Oiliúint .......... 8
Measúnú Riosca .......... 9
Monatóireacht .......... 10
Tuairiscí maidir le hEachtraí Díobhálacha agus Neastimpistí .......... 10
Taifid .......... 11
Breis Eolais .......... 11
Aguisín 1 .......... 12

# Réamhrá

**Úsáidtear crocháin ardaithe agus irisí in an-chuid suíomh sláinte agus cúraim shóisialta chun cabhrú le hothair a bhogadh agus a láimhsiú agus chun an méid láimhsithe atá ar an gcúramóir a dhéanamh a laghdú. Úsáidtear an téarma othar chun cur síos a dhéanamh ar úsáideoir seirbhíse, cliant, cónaitheoir, nó aon téarma oiriúnach eile a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar dhuine atá á ardú i suíomh sláinte agus cúraim shóisialta. Tugann an bhileog faisnéise seo faisnéis ghinearálta ar conas obair ar bhealach sábháilte le crocháin ardaithe agus irisí, agus é mar aidhm aici timpistí ceirde a chosc. Níl sé i gceist go mbreathnófar air mar léirmhíniú dlíthiúil.**

Trealamh de chuid an ionaid oibre is ea crocháin ardaithe agus irisí othar a chuirtear ar fáil le húsáid ag fostaithe, agus mar sin, ní mór don trealamh sin cloí leis na forálacha ábhartha de Rialacháin an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007, arna leasú, i dtaca le sábháilteacht agus sláinte. Ní mór iad a roghnú, a úsáid agus a chothabháil go cuí, chun sábháilteacht na bhfostaithe agus an duine atá á ardú araon a chinntiú san ionad oibre.

Díríonn an treoir seo ar chrocháin ardaithe mheicniúla dhaingnithe, shoghluaiste agus síleála lasnairde agus na hirisí atá in úsáid le trealamh ardaithe den chineál sin.

Áirítear crocháin ardaithe agus irisí othar mar fheistí leighis de réir Rialacháin CE (Feistí Leighis), atá á bhforfheidhmiú ag an Údarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA).



# Roghnú

**Ní mór d'fhostóirí a chinneadh an bhfuil áiseanna ardaithe de dhíth chun cabhrú le daoine a láimhsiú, agus más rud é go bhfuil, a chinneadh cad é an líon agus an cineál crochán ardaithe agus irisí a chuirfear ar fáil.**

Ba chóir go mbeadh comhairliúchán leis an bhfoireann ábhartha, lena n-áirítear iad siúd a mbeidh an trealamh in úsáid acu, mar aon leo siúd a bheidh á chothabháil. Ní phléifear anseo conas trealamh a roghnú a fhreastalóidh ar riachtanais othair aonair mar is ceist í sin do na cliniceoirí lena mbaineann.

Ní mór d'fhostóirí, agus trealamh oibre á roghnú acu, coinníollacha oibre, tréithe agus contúirtí an ionaid oibre a chur san áireamh agus beann a bheith acu ar shábháilteacht agus sláinte na bhfostaithe, lena n-áirítear contúirtí breise a eascraíonn as a leithéid de threalamh a úsáid.

Ní mór an méid seo a leanas a chur san áireamh agus crocháin ardaithe agus irisí á gceannach:

- An bhfuil marcáil chomhréireachta CE ar an trealamh agus an bhfuil Dearbhú Comhréireachta cuí agus cáipéisíocht ghaolmhar ag gabháil leis?
- An bhfuil an t-ualach oibre sábháilte comharthaithe ar na crocháin ardaithe agus na hirisí chun cur ar chumas an chúramóra a chinntiú go bhfuil meáchan an duine atá le hardú laistigh d'ualach oibre an chrocháin agus na hirise?
- An oireann an trealamh don timpeallacht oibre agus do na coinneálacha a bhfuil sé beartaithe dóibh? Mar shampla, an oibríonn na rothaí i gceart ar dhromchla an urláir? An bhfuil spás ann chun an crochán ardaithe a bhogadh, de réir mar is gá? Ba chóir treoir an déantóra don trealamh a cheadú chun na coinníollacha cearta úsáide a dhéanamh amach.
- An bhfuil an trealamh comhoiriúnach d'áiseanna eile? Mar shampla, an bhfuil na hirisí comhoiriúnach do dhearadh sonrach an chrocháin ardaithe? An rachaidh bonn an chrocháin faoin leaba, folcadán nó tralaí srl.?
- Ar cuireadh na riachtanais ghlantacháin, dí-éilliúcháin, rialaithe ionfhabhtaithe san áireamh? An bhfuil na hirisí in-athúsáidte nó indiúscartha? Smaoinigh ar shaolré seirbhíse na hirise agus na socruithe maidir le ceann nua a fháil.
- Cén chothabháil ag bheidh de dhíth agus conas mar a chuirfear ar fáil é? Smaoinigh ar shaolré seirbhíse an chrocháin ardaithe agus na socruithe maidir le ceann nua a fháil.
- Ar cuireadh na riachtanais stórála san áireamh? An féidir an trealamh a stóráil go sábháilte agus i ngiorracht don áit ina bhfuil sé in úsáid? Ba chóir feistí a bheith suite in áiteanna atá inrochtana d'oibrithe.
- Conas a luchtaítear aonad an chrocháin ardaithe? Smaoinigh ar an am a thógann sé chun an ceallra a luchtú, conas a léirítear an ceallra luchtaithe atá fágtha, an spás atá ag teastáil le haghaidh luchtaithe agus aon ghabhdáin leictreacha atá ag teastáil.

**Ní liosta cuimsitheach é seo.**

# Cothabháil

**Ní mór d'fhostóir a chinntiú go bhfuil dea-bhail ar chrocháin ardaithe agus irisí othar agus nach riosca iad do dhaoine atá ag úsáid an trealaimh oibre, don duine atá á ardú ná d'aon duine eile san ionad oibre a bhféadfadh tionchar a bheith ag bail an trealaimh air/uirthi.**

Ní mór treoracha/faisnéis an déantóra, lena n-áirítear treoracha/faisnéis a bhaineann le suiteáil, úsáid shábháilte, cothabháil agus saolré seirbhíse trealaimh, a leanúint.

Ba chóir d'fhostaithe amharciniúchadh a dhéanamh ar an gcrochán ardaithe agus an iris sula n-úsáidtear iad, agus aon lochtanna a thugann siad faoi deara a thuairisciú. In éineacht le seiceálacha ó fhoireann túslíne, ba chóir córais a bheith i bhfeidhm chun seiceálacha cothabhála gnáthrialta a dhéanamh.

I gcás go bhfaightear amach go bhfuil crochán ardaithe nó iris nó córas a bhaineann leis lochtach, ní mór é seo a thuairisciú agus ní mór don fhostóir an gníomh ceartaitheach riachtanach a dhéanamh, lena n-áirítear an trealamh fabhtach a thógáil as úsáid, agus lipéad a chur air chun a chur in iúl go bhfuil sé fabhtach. Ba chóir crocháin ardaithe atá as seirbhís a scaradh go fisiciúil ó chrocháin atá in úsáid agus lipéad soiléir "ná húsáid" a chur ar aon chrochán atá as úsáid.

Ní mór do dhuine inniúil crocháin ardaithe agus irisí othar a scrúdú go críochnúil uair amháin gach sé mhí ar a laghad.

Ní mór do dhuine inniúil atá ag déanamh scrúdú críochnúil **tuairisc an scrúdaithe chríochnúil** a ullmhú ina bhfuil na sonraí atá leagtha amach i Sceideal 1 Cuid É de Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007: *"Faisnéis le bheith mar chuid de Thuairisc an Scrúdaithe Chríochnúil".*

Ní mór tuairisc an scrúdaithe chríochnúil, nó cóip di, a choinneáil san áit ina bhfuil an trealamh ardaithe lonnaithe.

Ní mór gach ábhar faisnéise atá luaite i *Sceideal 1 Cuid É de Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007* a chur i dtuairisc an scrúdaithe chríochnúil. Tá teimpléad tuairisce samplach (féach Aguisín 2) arna fhorbairt ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Tá an teimpléad ar fáil lena úsáid ag daoine inniúla ag: https://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Forms/GA_1_Form.pdf

I gcás go n-úsáidtear formáid mhalartach; ní mór gach ábhar faisnéise atá riachtanach atá luaite i *Sceideal 1 Cuid É de Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007* a chur i dtuairisc an scrúdaithe chríochnúil.

I gcás go gcuirtear trealamh ar fáil lena úsáid ag soláthraí seirbhíse eile i seirbhís/suíomh, ní mór socrú a chur i bhfeidhm le cinntiú go bhfuil fáil ag úsáideoir an trealaimh ar gach faisnéis agus cáipéisíocht atá de dhíth orthu chun cloí le Riachtanais na Rialachán agus chun a chinntiú go bhfuil gach crochán ardaithe agus/nó irisí sábháilte le húsáid.

I gcás go ndéantar athruithe nó deisiúcháin atá ábhartha d'fheidhmiú sábháilte an trealaimh, ní mór do dhuine inniúil an trealamh a scrúdú sula gcuirtear ar ais i seirbhís é.

I gcás go bhfuil deisiúcháin de dhíth, ní mór an gá atá le deisiúchán a chur in iúl i scríbhinn don úinéir agus don úsáideoir agus, de réir mar is cuí, an tréimhse ama inar chóir na deisiúcháin sin a dhéanamh. Ba chóir a chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis ábhartha ar fáil do gach duine cuí laistigh den ionad oibre, amhail an bainisteoir líne agus na fostaithe a úsáideann an crochán ardaithe.

Is féidir go molfadh duine inniúil scrúdú níos minice ar an gcrochán agus/nó ar an iris, agus cuirfidh siad an réasúnaíocht atá leis an moladh seo in iúl d'úinéir agus d'úsáideoir an trealaimh i scríbhinn.

I gcás ina moltar deireadh láithreach a chur le húsáid an chrocháin ardaithe agus/nó na hirise ní mór don duine inniúil an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a chur ar an eolas tráth nach déanaí ná 20 lá i ndiaidh an scrúdú a chur i gcrích.

I gcás go mbraitheann sábháilteacht an trealaimh ar na coinníollacha suiteála ní mór an trealamh a scrúdú i ndiaidh suiteála agus sula gcuirtear i seirbhís é agus é a iniúchadh i ndiaidh é a chur le chéile ag suíomh nua chun a chinntiú go bhfuil sé sábháilte le húsáid agus le feidhmiú ar bhealach cuí.

Ní mór **clár** a choinneáil de threalamh ardaithe agus de chomhpháirteanna ardaithe ina bhfuil sonraí an trealaimh, uimhir nó marc sainiúil, an dáta ar úsáideadh é den chéad uair agus an dáta deireanach a ndearna scrúdú agus tástáil air. Ba chóir an clár a choinneáil ar fáil lena scrúdú ag cigire HSA.

Ba chóir go mbeadh nósanna imeachta i bhfeidhm le haghaidh bainistíocht trealaimh. Tá treoir curtha ar fáil ag an Údarás Rialála Táirgí Sláinte i dtaca le bainistíocht trealaimh ar www.hpra.ie



# Oiliúint

**Ba chóir go mbeadh oiliúint maidir le daoine a bhogadh agus a láimhsiú curtha ar bhaill foirne a bhfuil baint acu lena leithéid, agus ba chóir do dhuine inniúil an oiliúint sin, atá sainiúil don suíomh, a thabhairt. Ba chóir go mbeadh Feasacht Teagascóra maidir le Láimhsiú Daoine QQI Leibhéal 6 bainte amach ag oiliúnóirí.**

Ba chóir oiliúint maidir le bogadh agus láimhsiú daoine a athdhéanamh go tráthrialta. Mar threoir; níor ceart go mbeadh tréimhse níos faide ná 3 bliana idir na seisiúin oiliúna, agus níos minice ná sin má thagann rioscaí nua nó athraithe chun cinn (m.sh. trealamh nua nó éagsúil in úsáid).

Bíonn sainghnéithe agus feidhmeanna éagsúla ag cineálacha agus leaganacha éagsúla crochán ardaithe agus comhpháirteanna/forbhall (irisí san áireamh), agus ba chóir go mbeadh an teagasc agus an fhaisnéis riachtanach ag an oibreoir chun an trealamh a úsáid go sábháilte.

**Ní mór taifid a choinneáil ar an oiliúint agus an teagasc a chuirtear ar fáil.**



# Measúnú Riosca

**Ní mór measúnú riosca a dhéanamh ar an tasc ina mbogtar agus ina láimhsítear duine, chun a dhéanamh amach an féidir láimhsiú a sheachaint agus mura féidir, cad iad na rialuithe atá de dhíth chun an riosca a laghdú. I gcás go bhfuil crochán ardaithe de dhíth, ní mór don mheasúnú riosca gach gné de ghníomh ardaithe a chlúdach.**

Baintear úsáid as an acrainm **TILE** nó **TILEEO** mar bhealach tapa agus éifeachtach chun riosca láimhsithe a mheas (tá na hacrainmneacha féin inmhalartaithe). Cuirtear gnéithe eile atá ábhartha don tasc bogtha agus láimhsithe san áireamh chomh maith.

**Seasann TILEEO do:**

- '**T**ask' Tasc: Tagraíonn sé don ghníomhaíocht a dhéantar an oibríocht ardaithe mar chuid di. Déan amach an bhfuil staidiúir nó gluaiseachtaí guagacha mar chuid den tasc (amhail casadh, cromadh, lúbadh).
- '**I**ndividual' An Duine: Tagraíonn sé do chumas an duine atá ag déanamh an taisc m.sh. cé chomh hoiriúnach is atá an láimhseoir ó thaobh fisiciúlachta de; leibhéal oiliúna, eolas agus scileanna an láimhseora.
- '**L**oad' Ualach: Tagraíonn sé do mhéid, meáchan, crutha agus gnéithe fisiciúla an duine atá á bhogadh. Féach agus cinntigh nach sáraíonn meáchan an duine ualach oibre sábháilte an chrocháin ardaithe nó na hirise. Smaoinigh ar fhachtóirí sainiúla freisin amhail cumas cabhrú leat; teacht i láthair ó thaobh leighis agus cognaíochta de; aon sásanna (m.sh. diltálairí) agus an baol go mbeadh gluaiseachtaí tobanna nó dothuartha ann.
- '**E**nvironment' Timpeallacht: An áit ina bhfuil an tasc bogtha nó láimhsithe ar siúl m.sh. a dhóthain spáis ann chun an ghníomhaíocht a dhéanamh; féach an bhfuil aon srian nó ceangal ann; féach dromchla an urláir le haghaidh bacainní agus má tá sé sleamhain nó éagothrom.
- '**E**quipment' Trealamh: Tagraíonn sé don trealamh atá ag teastáil don tasc. Féach agus aithin cén cineál trealaimh atá ag teastáil don tasc (crochán ardaithe, leatóir, iris), don chrochán ardaithe agus iris atá de dhíth agus aon fhorbhaill eile.
- '**O**ther' Eile: Aon fhachtóir eile a chaithfear a chur san áireamh: m.sh. foireann leordhóthanach don tasc agus; aon trealamh cosanta pearsanta (TCP) atá ag teastáil agus an gcuireann éadaí nó TCP bac ar ghluaiseacht; an bhfuil trealamh láimhsithe ar fáil; oiliúint don tasc agus d'úsáid trealaimh; eachtraí a tharla roimhe seo a bhaineann leis an tasc; aon riachtanais mhaoirseachta.

Féach *Treoir maidir leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007, Caibidil 4 de Chuid 2: Láimhsiú Ualaí, Rannóg maidir le 'Fachtóirí Riosca maidir le Láimhsiú Ualaí'*, chun tuilleadh eolais a fháil.

Ní mór taifead a dhéanamh den mheasúnú riosca agus é a chur ar shúile na bhfostaithe ábhartha.

Ba chóir machnamh cúramach a dhéanamh ar cén áit ba chóir plean bogtha agus láimhsithe othair a choinneáil. Ba chóir pleananna bogtha agus láimhsithe a choinneáil in áiteanna ina mbeidh fáil éasca orthu ag baill foirne a bhfuil siad ag teastáil uathu. Ba chóir go mbeadh a fhios ag gach ball foirne ábhartha, lena n-áirítear oibrithe áisíneachta agus sealadacha, conas teacht ar an bplean bogtha agus láimhsithe.

# Monatóireacht

**Ní mór socruithe a bheith i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar maoirseacht ar thascanna láimhsithe ionas go n-úsáidfear na nósanna imeachta, na teicnící agus an trealamh ceart.**

Féach go bhfuil pleananna láimhsithe á leanúint, agus déan athbhreithniú agus nuashonrú orthu má athraíonn riachtanais an duine nó fachtóirí eile.

Ní mór measúnuithe riosca a athbhreithniú go tráthrialta agus i gcás go n-athraítear cúinsí chun a chinntiú go bhfuil siad cothrom le dáta.

Cinntigh go bhfuil córas i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar aon fholáireamh sábháilteachta a bhaineann le crocháin ardaithe agus irisí othar agus chun aon ghníomh atá de dhíth a chur in iúl agus a chur i bhfeidhm.

# Tuairiscí maidir le hEachtraí Díobhálacha agus Neastimpistí

**Ní mór aon eachtra dhíobhálach nó neastimpiste a bhaineann le húsáid crochán ardaithe nó irisí othar a thuairisciú don duine ceaptha atá i gceannas san fhoras, d'fhonn a chinntiú go dtugtar cúram don duine lena mbaineann, is nach dtarlóidh sé arís.**

Tá sé éigeantach eachtraí díobhálacha a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) maidir le cineálacha áirithe gortuithe a bhaineann leis an obair agus básanna a bhaineann leis an obair i gcomhréir le Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Timpistí agus Tarluithe Contúirteacha a Thuairisciú) 2016.

Chomh maith leis sin, tá córas tuairiscithe deonach don Údarás Rialála Táirgí Sláinte i dtaca le heachtraí a bhaineann le feistí leighis.

Féach ar www.hsa.ie agus www.hpra.ie chun tuilleadh faisnéise a fháil mar gheall ar an méid atá le tuairisciú agus conas tuairisciú a dhéanamh.

# Taifid

Seo a leanas achoimre den cháipéisíocht thábhachtach a bhaineann le crocháin ardaithe agus irisí a chaithfear a chur ar fáil lena himscrúdú ag Cigire HSA:

- Clár den trealamh ardaithe agus comhpháirteanna ardaithe.
- Dearbhú Comhréireachta CE d'aon chrochán ardaithe (Ní mór don lipéad CE a bheith le feiceáil ar an gcrochán).
- Tuairiscí scrúdaithe chríochnúil (ní mór iad a choinneáil san áit ina bhfuil an trealamh lonnaithe).
- Measúnaithe Riosca.
- Pleananna bogtha agus láimhsithe daoine aonair.
- Taifid ar oiliúint agus teagasc don fhoireann.

# Breis Eolais

**Tá treoir arna foilsiú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) a chuireann faisnéis phraiticiúil ar fáil maidir leis an riosca gortuithe ó ghníomhaíochtaí láimhsithe a laghdú san Earnáil Sláinte.**

Tá sé seo ar fáil ag: https://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications

Breathnaigh ar leathanach idirlín an HSA maidir le láimhsiú chun tuilleadh doiciméad treorach, físeáin measúnaithe riosca, taighde agus staitisticí, CCanna agus acmhainní úsáideacha a fháil. Ar fáil ag: https://www.hsa.ie/eng/workplace_health/manual_handling_display_screen_equipment/

Cuireann an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte faisnéis ar fáil ar cháilíocht, shábháilteacht agus éifeachtacht feistí sláinte lena n-áirítear crocháin ardaithe agus irisí othar ag www.hpra.ie

Tuilleadh faisnéis faoi láimhsiú othar agus láimhsiú go ginearálta ar www.hsa.ie nó trí theagmháil a dhéanamh le hAonad Teagmhála Ionaid Oibre an HSA ar **1890 289 389**.

# Aguisín 1: Teimpléid "Tuairisc an Scrúdaithe Chríochnúil" an HSA

HSA
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

**GA1**

## Report of Thorough Examination

**NOTE:**
This form may be used to record the thorough examination and testing of Lifting Equipment, as set out in the Safety, Health and Welfare at Work (General Application) Regulations, 2007. This form was produced by the HSA to facilitate the recording of information, as per Schedule 1 Part E of these regulations. This form must be completed by a **competent** person. This is not an approved or statutory form. Reports of Thorough examination may be produced in other formats.

Date: ______ Reference: ______

Name and address of employer or owner for whom the thorough examination was made:
(Please include a contact number and email, if possible)

Address where thorough examination was made:

Particulars identifying the lifting equipment:

Type of lifting equipment:

Serial Number: ______ Year of manufacture: ______

| Safe Working Load | Configuration(s) |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

Note: Each configuration should reflect the working arrangements, for example length of jib; fly jib; radius; angle; ballast; number of rope falls; height under hook. Please detail the safe working loads for all configurations, as per manufacturer's instructions. Use additional sheets if more than three configurations.

☐ Testing ☐ Thorough Examination

Purpose of testing:

Purpose of thorough examination:

Particulars of tests carried out:

Latest date for next thorough examination:

Health and Safety Authority: Form GA1 (Revision 2012) Page 1 of 2

Defect which is a danger to persons:

Repair, renewal or alteration required to remedy this defect: Indicate if immediate cessation of use has been advised

Defect which could become a danger to persons:

Timeframe for defect becoming a danger:

Repair, renewal or alteration required to remedy this defect,including date(s):

Parts not accessible for examination:

Name, address and qualifications of competent person making the report: (print name in BLOCK CAPITALS)

Name and position of person authenticating the report: (print name in BLOCK CAPITALS)

Employer:

Employer:

| **We certify that:** (tick when done) | |
|---|---|
| We have undertaken the test / thorough examination as prescribed | ☐ |
| We have identified defects which are or could be a danger to persons | ☐ |
| This test/thorough examination has been carried out by a competent person | ☐ |
| The particulars in this report of thorough examination are correct | ☐ |

| **You must:** (tick to confirm you uderstand) | |
|---|---|
| Keep this report of thorough examination safe and available for inspection | ☐ |
| Undertake identified repairs | ☐ |
| Arrange for a thorough examination or test before the latest date or as prescribed | ☐ |

Signed:
Competent person performing tests or thorough examination

Signed:
Person receiving report of thorough examination

Health and Safety Authority: Form GA1 (Revision 2012)

Page 2 of 2

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority


An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
**Fón: 0818 289 389**

**www.hsa.ie**



ISBN: 978-1-84496-296-9

HSA0522